Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus maidir le seirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

***Athruithe ar Vóta 38: Sláinte sa bhliain 2015***

Go dtí an 31 Nollaig 2014, maoiníodh FSS trí Vóta 39: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rinneadh foráil leis an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais) 2014 do dhíbhunú Vóta 39: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ón 1 Eanáir 2015. Cuirtear maoiniú do FSS ar fáil anois trí Vóta 38 Sláinte.

Is iad na figiúirí sin a tuairiscíodh i Vóta 39 sa bhliain 2014 na figiúirí a léirítear mar thoradh 2014 sa Chuntas seo i dtaca le fo-cheannteidil FSS. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurbh éard a bhí sa mhaoiniú a cuireadh ar fáil agus sa chaiteachas a tabhaíodh i dtaca le fo-cheannteidil aonair sa bhliain 2014 (agus i mblianta roimhe) ná an t-ollchaiteachas. Fuair FSS fáltais ó roinnt foinsí a tuairiscíodh mar Leithreasaí i gCabhair.

Sa bhliain 2015, coinníonn FSS roinnt den ioncam a tuairiscíodh roimhe mar Leithreasaí i gCabhair. Sa bhliain 2015, is ar bhonn glandeontais atá an méid a ndéantar soláthar dó sa mheastachán agus sa toradh caiteachais i Vóta 38 i dtaca le FSS.

Cuirtear san áireamh anois na méideanna a caitheadh ar 3 fho-cheannteideal (A.1, A.2 agus B.7) ag an FSS i 2014, ar bhonn glandeontais i Vóta 38: Sláinte 2015 i bhfo-cheannteidil l.1 go l.4.

Dá réir sin, d'fhéadfadh nach mbeifí in ann an toradh don bhliain 2014 agus an toradh don bhliain 2015 a chur i gcomparáid lena chéile go díreach.

Dlitear barrachas €8.43 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann an fheidhm Acmhainní Daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freisin agus tá freagracht air as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le hoibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Déanann gnólacht cuntasóirí na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Náisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402). Is é aidhm an Chaighdeáin sin ná tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus chun anailís ar bhearnaí a chur ar fáil, (ii) tuairisc ar dhearadh na rialuithe agus ar iad a bheith ann, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu a d'oibrigh na rialuithe go héifeachtach nó nár oibrigh.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte litir ar fáil dom ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta ar an bpróiseas dearbhaithe iniúchta a chur chun feidhme agus ar thorthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, ar eiseadh agus ar oibriú na rialuithe a meastar go dtabharfar tuairisc orthu dom, mar atá leagtha amach sa Litir sin.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte de réir mar a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte tuairisc dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte, cé is moite de shocrú amháin dar luach €55,000 (gan CBL a áireamh) atá liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002. Baineann sé sin le hathbhreithniú ar ábhair a bhaineann le seirbhísí míchumais san Oirdheisceart arna dhéanamh ag Abhcóide Sinsearach ar iarratas an Aire Stáit le Freagracht as Meabhairshláinte, Cúram Príomhúil agus Cúram Sóisialta (Míchumas agus Daoine Scothaosta).

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

31 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fháltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Sláinte. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2016

# Vóta 38 Sláinte
# Cuntas Leithreasa 2015

| Seirbhís | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | | |
| A.1 | Tuarastal, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,462 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,500) | 22,962 | 22,477 | 22,078 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | | | 654 | 349 | 356 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | 944 | 766 | 663 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 528 | 378 | 400 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | 1,824 | 1,669 | 1,352 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | | | 625 | 576 | 496 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,650 | | | |
| | | *Forlíontach* | (500) | 1,150 | 814 | 1,554 |
| — | *FSS – Tuarastal, pá agus liúntais agus costais riaracháin eile de chuid FSS Chorparáideach* | | | — | — | 63,955 |
| — | *Athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais* | | | — | — | 377 |
| **Deontais** | | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais eile taighde | | | 36,500 | 34,566 | 34,852 |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí cosúla eile (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| B.3 | Tionscnamh drugaí | | | 6,358 | 6,347 | 7,267 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| C. | Costais i dtaca leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | | 2,600 | 2,590 | 2,347 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,093 | | | |
| | | *Forlíontach* | 31,300 | 41,393 | 38,261 | 17,047 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 55,923 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,000) | 50,923 | 49,956 | 47,808 |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | | |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | | | 5,474 | 5,474 | 5,712 |
| E.3 | Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Seachadta Speisialta | | | 5,100 | 5,100 | 5,100 |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,190 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 1,190 | 1,020 | 1,474 |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | | | 745 | 386 | 384 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a éilíonn go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 24,786 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,000) | 19,786 | 17,800 | 24,000 |
| F.4 | Íocaíochtaí le cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,849 | | | |
| | | *Forlíontach* | (900) | 2,949 | 2,949 | 3,200 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,513 | | | |
| | | *Forlíontach* | (400) | 1,113 | 1,111 | 1,003 |
| **Caiteachas Riaracháin Chorparáidigh** | | | | | | |
| H. | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 72,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 24,000 | 96,000 | 92,168 | 91,176 |
| **Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Eile Sláinte** | | | | | | |
| I.1 | FSS - Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Laighin Láir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,296,543 | | | |
| | | *Forlíontach* | 39,000 | 1,335,543 | 1,337,688 | 1,432,438 |
| I.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,153,144 | | | |
| | | *Forlíontach* | 36,000 | 1,189,144 | 1,191,068 | 1,306,142 |
| I.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,821,037 | | | |
| | | *Forlíontach* | 57,000 | 1,878,037 | 1,881,036 | 1,998,150 |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| I.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,023,498 | | | |
| | | *Forlíontach* | 66,000 | 2,089,498 | 2,092,827 | 2,215,638 |
| I.5 | Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte, lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhospidéil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,117,495 | | | |
| | | *Forlíontach* | 160,000 | 2,277,495 | 2,296,934 | 2,305,337 |
| **Seirbhísí Eile FSS** | | | | | | |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 7,513 | 4,289 | 4,289 |
| J.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | | | 4,000 | 1,670 | 1,000 |
| J.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | | | 1,500 | — | 1,650 |
| J.4 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | | | 50,000 | 40,000 | 21,635 |
| J.5 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 96,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 93,000 | 189,000 | 205,227 | 129,403 |
| J.6 | Faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | | 2,700 | 1,915 | — |
| — | *Seirbhísí ospidéil, othair chónaithigh, othair sheachtraigh agus comhairleoireachta do dhaoine a tholg Heipitíteas C as glóbailin imdhíonachta frith-D a úsáid agus an soláthar seirbhísí faoin Acht Sláinte (Leasú), 1996* | | | — | — | 14,210 |
| **An Clár Cúraim** | | | | | | |
| K.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus scéimeanna arna dtreorú ag an éileamh ón bpobal | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,485,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | 151,000 | 2,636,800 | 2,617,877 | 2,540,112 |
| K.2 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 873,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 23,000 | 896,900 | 895,300 | 954,093 |

| | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí Caipitil** | | | | | |
| L.1 | Deontais i leith thógáil agus threalmhú (TFC ar áireamh) | | 14,527 | 11,148 | 14,383 |
| L.2 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte agus na saoráidí ardoideachais | | 309,620 | 319,834 | 320,888 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| L.4 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 155,000 | 153,353 | 134,432 |
| — | *Tógáil agus trealmhú na saoráidí meabhairshláinte agus na saoráidí eile sláinte (arna maoiniú ag diúscairt na sócmhainní barrachais)* | | — | — | 5,453 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,676,921 | | | |
| | *Forlíontach* | 665,000 | **13,341,921** | **13,340,748** | **13,737,679** |
| | *Bain as* | | | | |
| M | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 455,721 | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | **520,721** | **527,975** | **1,341,887** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,221,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 600,000 | | | |
| | | | **12,821,200** | **12,812,773** | **12,395,792** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas a thabhairt suas don Státchiste.

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | | |
| Vóta 38 – Sláinte | 8,427,346 | 11,908,634 |
| Vóta 39 – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | — | 26,764,003 |
| **Iomlán** | **8,427,346** | **38,672,637** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 27,029 | 26,899 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 13,313,719 | 167,863 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,340,748** | **194,762** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **527,975** | **4,702** |
| **Glanchaiteachas** | | **12,812,773** | **190,060** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (141) | | |
| Dímheas | 144 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 12 | | |
| | | 15 | 78 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 10,666 | | |
| Méadú ar stoc | (6) | | |
| | | **10,660** | **(1,354)** |
| **Caiteachas díreach** | | **12,823,448** | **188,784** |
| **Caiteachas a bhí de mhuirear ar áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,383 | 9,329 |
| Measchíosanna | | 2,004 | 2,004 |
| **Glanchostas clár** | | **12,834,835** | **200,117** |

#### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 38 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | *m* | 167 | 258 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | *m* | 7,486 | 7,288 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | *m* | 1,466 | 1,536 |
| Lárchiste – pinsin Airí | *m* | 264 | 247 |
| | | **9,383** | **9,329** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 590 | 593 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 71 | 65 |
| Réamhíocaíochtaí | | 259 | 173 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 156 | 10,595 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 8,335 | 42,247 |
| Glanmhéid Státchiste dlite | 2.8 | 18,534 | (14) |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **27,355** | **53,066** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 606 | 293 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 1,063 | 203 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 25,806 | 42,030 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **27,475** | **42,526** |
| **Glansócmhainní Reatha/ (Glandliteanais Reatha)** | | **(120)** | **10,540** |
| **Glansócmhainní** | | **470** | **11,133** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **470** | **11,133** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **2015 €000** | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | | 11,133 | 9,857 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas* | 12,821,200 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas* | (8,427) | | |
| Glanvóta | | | 12,812,773 | 190,060 |
| Caiteachas (airgead tirim) a bhí de mhuirear ar áit eile | 1 | | 9,383 | 9,329 |
| Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos | 1 | | 2,004 | 2,004 |
| Mír eile neamhairgid – fabhrú caipitil | | | 12 | — |
| Glanchostas clár | 1 | | (12,834,835) | (200,117) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **470** | **11,133** |

**Tabhair faoi deara: Tagraíonn "Cuntas" d'aghaidh an Chuntais Leithreasa*

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 2,563 | 1,960 | 4,523 |
| Breiseanna | 118 | 35 | 153 |
| Diúscairtí | (377) | (39) | (416) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 2,304 | 1,956 | 4,260 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 2,038 | 1,892 | 3,930 |
| Dímheas don bhliain | 94 | 50 | 144 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (365) | (39) | (404) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | 1,767 | 1,903 | 3,670 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **537** | **53** | **590** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **525** | **68** | **593** |

**2.3 Banc agus Airgead Tirim**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | (25,807) | (42,075) |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | 1 | 45 |
| | (25,806) | (42,030) |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 20 | 17 |
| Tomhaltáin TF | 51 | 48 |
| | 71 | 65 |

| **2.5 Ioncam Fabhraithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Asbhaintí a bhaineann le pá atá dlite ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann* | — | 10,280 |
| Eile | 156 | 315 |
| | 156 | 10,595 |

*I mí Eanáir 2016, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ordú á rá nár cheart na suimeanna atá á choinneáil in eascró faoi láthair ag Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann is fiú €10 milliún a dhiúscairt ach trí aistriú chuig Ciste Aoisliúntais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus nár cheart iad a úsáid ach mar mhaoiniú i leith dhliteanais an chiste sin.

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-aisghafa | 76 | 81 |
| Caiteachas taistil in-aisghafa | 8 | 6 |
| Caiteachas in-aisghafa na scéime pas taistil | 135 | 132 |
| Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C | 4,175 | 1,200 |
| Míreanna eile dochair fionraí | 3,941 | 40,828 |
| | 8,335 | 42,247 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim agus an Muirear Sóisialta Uilíoch | — | 2 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (3) | (4) |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 96 | 24 |
| Cáin Bhreisluacha | 16 | 5 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | — | 7 |
| Airgead tirim FSS neamhtharraingthe | 789 | — |
| | 898 | 34 |
| Míreanna eile sochair fionraí | 165 | 169 |
| | 1,063 | 203 |

| **2.8 Glanmhaoiniú Státchiste dlite** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Leithreasaí barrachais le tabhairt suas | 8,427 | 11,909 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (26,961) | (11,895) |
| Glanmhaoiniú Státchiste dlite | (18,534) | 14 |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: míreanna fionraí | 8,335 | 42,247 |
| | 8,335 | 42,247 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (109) | (34) |
| Banc agus airgead tirim | (26,595) | (42,030) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (165) | (169) |
| | (26,869) | (42,233) |
| | (18,534) | 14 |

| 2.9 Ceangaltais | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Fo-cheannteidil soláthair | 977 | 1,223 |
| Fo-cheannteidil deontais | 5,614 | 6,946 |
| | 6,591 | 8,169 |

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart tionscadail chaipitil aonair lena mbaineann caiteachas iomlán is fiú €6,350,000 nó níos mó a léiriú ar leithligh i dtábla na gceangaltas caipitil ilbhliantúil

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2014 | Caiteachas in 2015 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Caiteachas ionchais iomlán thar thréimhse an tionscadail, 2015 | Caiteachas ionchais iomlán thar thréimhse an tionscadail, 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Saoráidí Taighde Chliniciúil an Bhoird Taighde Sláinte:** | | | | | |
| Ospidéal San Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath | 9,309 | 1,067 | 2,437 | 12,813 | 12,390 |
| Iomlán | 9,309 | 1,067 | 2,437 | 12,813 | 12,390 |

## 3 Caiteachas Clár de réir Fo-cheannteidil

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-cheannteideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leo breis is €100,000 agus 5% níos mó nó níos lú ná an soláthar meastacháin bunaidh (25% i gcás fo-cheannteidil riaracháin). Tá tabhairt suas fhoriomlán ann agus comhlíontar an caiteachas iomarcach ar roinnt fo-cheannteidil trí Mheastachán Forlíontach agus trí virement na gcoigiltí ar roinnt fo-cheannteidil eile.

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Tuarastal, pá agus liúntais | A.1 | 2,985 | Bhí an soláthar buiséid bunaidh sa bhliain 2015 bunaithe ar choibhéis lánaimseartha de 374 bhall foirne. Ba é 340 coibhéis lánaimseartha an líon iarbhír foirne ag deireadh na bliana 2015.<br><br>Tháinig difríocht €3m as an leibhéal soláthar foirne a bhí níos ísle ná a measadh. Aistríodh €2.5m den mhéid sin idir cuntais mar chuid den mheastachán forlíontach.<br><br>Is féidir an chúis leis an leibhéal soláthar foirne a bhí níos lú ná a measadh a chur i leith dhá thoisc:<br><br>• Moilleanna ar bhaill foirne nua a fháil chun an líon ard fágálaithe sa bhliain 2015 a ionadú, rud a tháinig as aistriú, as tabhairt ar iasacht, as éirí as agus as dul ar scor agus<br><br>• Moilleanna ar líonadh a dhéanamh ar phoist nua a bhaineann leis an bhforbairt shuntasach eagrúcháin a bhí á déanamh faoin gclár um Obair Níos Fearr Le Chéile.<br><br>An chúis phríomha leis na moilleanna ba ea nach raibh painéil de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ann le haghaidh eochairghrád go dtí go luath sa bhliain 2016. Ba iad na príomhréimsí a ndeachthas i bhfeidhm orthu ná Seirbhísí Taighde (eacnamaithe den chuid ba mhó), Straitéis agus Beartas Sláinte agus Feidhmíocht Seirbhís Sláinte. Ag teacht aníos ar fud gach rannóige den Roinn a bhí an chuid eile de na poist a líonadh go luath sa bhliain 2016. |
| Taisteal agus cothú | A.2 | 305 | Bhí an caiteachas ar thaisteal níos lú ná a réamh-mheasadh agus níos lú ná a bhí sé an bhliain roimhe. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | A.4 | 150 | Tháinig na coigiltí as costas laghdaitheach na muirear teileafóin. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | A.7 | 836 | Bhí costais chomhairleachta €0.836m níos lú ná a rinneadh soláthar dóibh de bharr moilleanna ar thús a chur le roinnt tionscadal, lena n-áirítear roinnt Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme (€0.317m), beartas a fhorbairt maidir le haltranas, le cnáimhseachas agus le gráid ghaolmhara (€0.115m), úsáid a bhaint as seirbhísí achtúireacha gairmiúla (€0.1m), taighde a chur ar fáil ar lipéadú alcóil (€0.096m) agus obair a bhaineann leis na Tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil (€0.079m). |
| Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais eile taighde | B.1 | 1,934 | Ar áireamh sa leithdháileadh bunaidh bhí soláthar do thionscadail taighde bhreise a measadh a bheith ag teacht as feidhm fheabhsaithe taighde a chruthú sa Roinn maidir leis an gclár um Obair Níos Fearr Le Chéile. Mar a tharla, ní raibh €1.7m ag teastáil sa bhliain 2015 mar thoradh ar an uair a rinneadh poist shinsearacha a athstruchtúrú agus a líonadh. Baineann an chuid eile den difríocht le costais phá a bhí níos ísle ná a rinneadh buiséadú dóibh sa Bhord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Tháinig sí chun cinn den chuid ba mhó mar nár ionadaíodh ball foirne a d'éirigh as agus mar go raibh baill foirne ag obair go páirtaimseartha agus ní go lánaimseartha. |
| Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha agus socruithe dlí ilghnéitheacha | D | (28,168) | Méadaíodh an soláthar bunaidh de €10.093m faoi €31.3m sa Mheastachán Forlíontach chun íoc as costais na Scéime um Íocaíocht Simfiseatóime agus as éilimh faillí leighis. Mar a tharla, níor tháinig roinnt de na héilimh sin aníos lena n-íoc sa bhliain 2015, rud a chruthaigh coigilt €3.132m. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Comhlachtaí forbraíochta, comhairleachta, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | E.1 | 5,967 | Réamhíocann an Roinn cistí le gníomhaireachtaí sláinte suas go dtí leibhéal ceadaithe an chaiteachais nó an chaiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Bhí an caiteachas iarbhír níos lú ná a rinneadh buiséadú dó le haghaidh roinnt gníomhaireachtaí mar a leanas.<br><br>Bhí caiteachas an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte €1.7m níos lú ná a rinneadh buiséadú dó mar thoradh ar mhoilleanna ar phoist cheadaithe a líonadh agus mar thoradh ar chaiteachas ar theicneolaíocht na faisnéise, ar fhoilseacháin agus ar oiliúint a bhí níos lú ná a rinneadh buiséadú dó.<br><br>Bhí caiteachas an Choimisiúin Meabhair-Shláinte €1.2m níos lú ná a rinneadh buiséadú dó mar thoradh ar mhoilleanna ar phoist cheadaithe a líonadh, ar chaiteachas ar tháillí dlí a bhí níos ísle ná a measadh agus ar mhoill ar thionscadal forbartha TFC a thosú.<br><br>Tháinig an choigilt €0.5m a rinne CORU as costais phá agus dlí agus as méadú ar fháltais ó tháillí clárúcháin.<br><br>Tháinig an choigilt €0.1m a rinne an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil as méadú ar an ioncam a gineadh. |
| INTERREG na hÉireann/Thuaiscear t Éireann | E.4 | 1,170 | Is é an Comhlacht um Chláir Speisialta AE a iarrann íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo, bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a rinneadh le tionscadail faoin Scéim. Laghdaíodh an soláthar bunaidh de €2.19m faoi €1m sa Mheastachán Forlíontach agus bhí coigilt bhreise €0.17m ann mar go raibh roinnt tionscadal curtha i gcrích. D'fhéadfadh sé bheith doiligh uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú a thuar mar gheall ar na próisis fíorúcháin atá i bhfeidhm ag INTERREG agus d'fhéadfaí meastacháin a athrú. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | F.1 | 359 | Lean an Roinn ar aghaidh sa bhliain 2015 ag déanamh íocaíochtaí míosúla le hÉireannaigh a tháinig slán as Tailídimíd. Tá páirt á glacadh ag an Roinn i bpróiseas dlíthiúil idirghabhála atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát lena mbaineann dhá dhuine is fiche a tháinig slán as tailídimíd agus a thaisc éilimh leis an Ard-Chúirt chun díobháil phearsanta a ghnóthú in aghaidh an Stáit. Tháinig na coigiltí chun cinn mar nach bhfuil an próiseas idirghabhála curtha i gcrích. |
| Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | F.3 | 6,986 | Ós rud é nach bhfuil an Roinn in ann líon ná luach na ndámhachtainí a dhéanfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV a thuar go cruinn, laghdaíodh an soláthar bunaidh de €24.786m faoi €5m sa Mheastachán Forlíontach agus bhí coigilt bhreise €1.986m ann. |
| Íocaíochtaí le cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | F.4 | 900 | Ós rud é nach bhfuil an Roinn in ann líon ná luach na ndámhachtainí a dhéanfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus HIV a thuar go cruinn, laghdaíodh an soláthar bunaidh de €3.849m faoi €0.9m sa Mheastachán Forlíontach. Tá íocaíocht Cuntas Cúitimh socraithe ag 20% de dhámhachtain an Bhinse. |
| Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseachán maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | G | 402 | Laghdaíodh an soláthar bunaidh de €1.513m faoi €0.4m sa Mheastachán Forlíontach agus bhí coigilt bhreise €0.002m ann. Ní dhearnadh cur i gcrích ar roinnt tionscadal a bhaineann le Éire Shláintiúil agus le tionscadail eile um chur chun cinn agus chosaint na sláinte. |
| Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | H | (20,168) | Ba é €72m an soláthar bunaidh do chnapshuimeanna pinsin FSS. Méadaíodh é sin faoi €24m go €96m sa Mheastachán Forlíontach chun soláthar a dhéanamh don chostas breise measta a bhaineann le cnapshuimeanna pinsin a mhaoiniú le haghaidh phinsinéirí FSS sa bhliain 2015. Ba é €92.2m an toradh deiridh le haghaidh cnapshuimeanna pinsin. Rómheasadh an caiteachas réamh-mheasta faoi €3.8m mar go mbíonn sé doiligh scála agus líon na ndaoine a rachaidh ar scor in aon tréimhse airgeadais a thuar go cinnte. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| FSS - Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Laighin Láir | I.1 | (41,145) | Ba é €8,412 mhilliún an soláthar bunaidh d'fho-cheannteidil I.1 go I.5. Tá achoimre déanta thíos ar na príomhchúiseanna leis an difríocht idir an toradh caiteachais iarbhír de €8,799 milliún agus an meastachán bunaidh de €388 milliún: |
| FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt | I.2 | (37,924) | |
| FSS – Réigiún an Deiscirt | I.3 | (59,999) | Bhain €222 mhilliún le caiteachas in ospidéil a bhí níos airde ná a rinneadh buiséadú dó. Tháinig sé sin as éilimh phráinneacha shuntasacha ar sheirbhísí mar aon le méadú gaolmhar ar líon foirne agus as tearcghnóthachtáil roinnt tionscnamh laghdaithe costais, lenar áiríodh coigiltí spriocdhírithe ar bhaill foirne ghníomhaireachta. |
| FSS – Réigiún an Iarthair | I.4 | (69,329) | |
| Deontais i leith comhlachtaí áirithe eile sláinte, lena n-áirítear boird ospidéil dheonaigh agus comhospidéil | I.5 | (179,439) | Bhain €68 milliún le tionscnaimh a cheadaigh an Rialtas tar éis an meastachán a fhorbairt mar a leanas:<br>1. An tionscnamh um scaoileadh amach moillithe (€30 milliún) i dtaca le leapacha cúram baile/trasdultacha.<br>2. An tionscnamh um liostaí feithimh (€28 milliún), rud a chuimsigh caiteachas breise in ospidéil FSS agus in ospidéil phríobháideacha chun liostaí feithimh a laghdú i gcás othar cónaitheach, cásanna lae agus othar seachtrach.<br>3. An tionscnamh geimhridh (€10 milliún), rud a chuimsigh caiteachas breise a bhí dírithe ar dhúshláin acmhainne agus ghéaraithe in ospidéil a shárú chun déileáil leis na fadhbanna plódaithe a thagann chun cinn le linn mhíonna an gheimhridh.<br><br>Bhí costais chúraim shóisialta thart ar €53 mhilliún níos airde ná a rinneadh buiséadú dóibh. B'ionann iad agus €5m i Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta agus €48m i Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas. Ba iad na cúiseanna príomha leis an méadú ar íocaíochtaí as Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas ná costais a bhain le soláthar foirne breise agus le socrúcháin éigeandála agus an infheistíocht bhreise a bhí ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil an bonneagar ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta.<br><br>Maoinítear ospidéil ón Vóta bunaithe ar an nglanmhaoiniú a theastaíonn, a chuireann san áireamh caiteachas lúide an t-ioncam eile sin a bhailítear |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | ag an ospidéal. Rinne an Vóta soláthar d'fháltais bhreise ar luach €131m de thoradh ar shocruithe nua le hárachóirí. Ós rud é nár sroicheadh comhaontú le gach árachóir i 2015, bhí luach de €120m ag baint leis na fáltais bhreise, rud a d'fhág sprioceasnamh de €11m a d'éiligh maoiniú breise ón Státchiste.<br><br>D'eascair íocaíocht bhreise phinsin de €28 milliún ós rud é go ndeachaigh níos mó foirne ar scor ná mar a ndearnadh soláthar dó sa Mheastachán.<br><br>Soláthraíodh €5 mhilliún don chostas breise a bhain le cóir leighis thar lear.<br><br>Méadaíodh an bunsoláthar faoi €358 milliún sa mheastachán forlíontach rud a d'fhág meastachán athbhreithnithe de €8,770 milliún agus rinneadh freastal ar an gcaiteachas breise (thar an meastachán athbhreithnithe) ag vírmint choigiltis ó fho-cheannteidil eile. |
| Gníomhaireachtaí Sláinte agus Eagraíochtaí Cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | J.1 | 3,224 | Ba é €7.5m soláthar bunaidh na bliana 2015 d'Fho-cheannteideal J.1. Bhí caiteachas an Chrannchuir Náisiúnta níos lú ná a tuaradh mar nach n-íoctar deontas go dtí go bhfuil coinníollacha an deontais comhlíonta. Tagann moilleanna aníos de bharr riachtanas a bhaineann le faisnéis a chur ar fáil, amhail deimhniú imréitigh cánach agus luachana. |
| Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – an tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 | J.2 | 2,330 | Ba é €4m soláthar bunaidh na bliana 2015 d'Fho-cheannteideal J.2. Bhí íocaíochtaí faoin bhFo-cheannteideal seo níos lú ná a tuaradh, rud a chruthaigh coigilt €2.33m i gcomparáid leis an soláthar bunaidh. Tháinig an choigilt sin aníos mar nach féidir le hAonad Comhordaithe Náisiúnta FSS aisíocaíochtaí a dhéanamh faoin Scéim Aisíocaíochta Sláinte ach i dtaca le héilimh a bailíochtaíodh go hiomlán trí na céimeanna éagsúla den phróiseas aisíocaíochta, rud lena n-áirítear sonraí a fháil ó sholáthraithe seirbhíse, na sonraí agus na méideanna a cuireadh ar fáil a sheiceáil, méideanna in-aisíoctha a iniúchadh, tairiscintí a eisiúint agus glacadh cuí leis na tairiscintí a sheiceáil. |

| Cur síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Íocaíocht le Cuntas Speisialta a bunaíodh faoi alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais | J.3 | 1,500 | Ba é €1.5m soláthar bunaidh na bliana 2015 d'Fho-cheannteideal J.3. Rómheasadh an caiteachas réamh-mheasta mar nach ndearnadh aon éilimh a rinne Árachóirí Formheasta ar íocaíocht na sochar faoin Scéim seo a chur i gcrích chuig an bpointe go ndéanfaí íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta a bunaíodh faoi at 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C sa bhliain 2015. |
| Forbairtí seirbhíse agus tionscadail nuálacha soláthar seirbhíse | J.4 | 10,000 | Ba é €50m soláthar bunaidh na bliana 2015 d'Fho-cheannteideal J.4. Rómheasadh an caiteachas réamh-mheasta faoi €10m mar thoradh ar thosca uainiúcháin a bhí bainteach le forbairtí nua a chur chun feidhme i seirbhísí meabhairshláinte (€7.1m) agus le tionscnaimh um scaoileadh amach moillithe (€2.9m) a chur chun feidhme. |
| Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | J.5 | (109,227) | Ba é €96m soláthar bunaidh na bliana 2015 don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA). Méadaíodh é sin faoi €93m go €189m sa Mheastachán Forlíontach. Tá sé cruthaithe go bhfuil sé fíordhoiligh costais sa réimse seo a thuar go cruinn agus líonadh easnaimh le blianta beaga anuas le maoiniú forlíontach ag deireadh na bliana gach bliain. B'amhlaidh go raibh an caiteachas réamh-mheasta don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát €16m níos airde ná an soláthar Meastacháin Deiridh. Tháinig sé sin as éilimh dhéanacha nach rabhthas ag súil leo a chuir an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi bhráid FSS. B'éilimh iad a raibh ceanglas reachtúil ar FSS iad a íoc. Cúiseanna le róchaiteachas de €109m a bhí i soláthar an Mheastacháin Fhorlíontaigh de €93m agus san íocaíocht bhreise de €16m nach rabhthas ag coinne léi. |

| Cur Síos | Fo-cheannteideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | J.6 | 785 | Ba é €2.7m soláthar bunaidh na bliana 2015 d'Fho-cheannteideal J.6. Bhí an toradh don fho-cheannteideal sin cothrom le €1.9m, rud arbh ionann é agus coigilt €0.785m ar an leithdháileadh bunaidh. Rinneadh rómheastachán ar an gcaiteachas a raibh coinne leis mar gheall gur féidir, faoin bpróiseas mionsonraithe um maoiniú a cheadú agus a íoc le haghaidh thionscadail na gCuntas Díomhaoin, sciar ar leith den mhaoiniú a tharraingt anuas ag céim an chonartha agus an t-iarmhéid a tharraingt anuas ag céim níos déanaí. Mar a tharla, ní raibh tionscadail cheadaithe in ann an t-iarmhéid a tharraingt anuas faoi dheireadh na bliana. |
| Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil agus scéimeanna arna dtreorú ag an éileamh ón bpobal | K.1 | (132,077) | Ba é €2,486 mhilliún an soláthar bunaidh d'Fho-cheannteideal K1. Bhí an toradh cothrom le €2,618 milliún.<br><br>Bhí caiteachas níos airde ná a soláthraíodh dó sna réimsí seo a leanas:<br><br>▪ Scéimeanna ardteicneolaíochta drugaí: €69 milliún — bhí an méadú ar an gcostas faoi réir méadú a tháinig ar an éileamh ar dhrugaí nua agus ar dhrugaí a bhí ann cheana.<br><br>▪ An scéim tinnis fhadtéarmaigh: €65 mhilliún. I Ráithe 4 den bhliain 2014, ba é €13m sa mhí an meánchaiteachas ar an scéim. Faoi Ráithe 4 den bhliain 2015, mhéadaigh an caiteachas sin go €16m sa mhí. Cé go rabhthas ag súil leis go mbeadh méadú ann ar an mbuiséad a leithdháileadh ar an Scéim Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil don bhliain 2015, measadh freisin go gcobhsódh an ráta méadaithe ina leith sin. Níor tháinig an cobhsú sin chun cinn, áfach.<br><br>Bhí an méadú ar chaiteachas faoi réir méadú ar an éileamh ar an scéim, rud a tháinig as an méadú a bhí ann ar an líon othar ar diagnóisíodh go raibh tinneas fadtéarmach cáilitheach orthu agus mar gheall gur thosaigh othair a bhfuil cárta liachta acu nó a raibh cárta liachta acu roimhe sin ag teacht ar chógais cheadaithe faoin Scéim Tinnis Fhadtéarmaigh seachas faoin Scéim Seirbhísí Ginearálta Leighis.<br><br>▪ Drugaí cógaisíochta faoin Scéim |

Seirbhísí Ginearálta Leighis: €23 mhilliún. Tháinig an méadú ar an gcostas drugaí cógaisíochta faoin scéim chun cinn mar thoradh ar an líon sealbhóirí cárta liachta sa chóras sa bhliain 2015 a bheith níos airde ná a soláthraíodh dó. I gcomparáid leis an líon ar soláthraíodh dó nuair a comhaontaíodh an buiséad i mí Dheireadh Fómhair 2015, bhí 26,000 cárta liachta breise ann sa chóras ag an 31 Nollaig 2015.

Bhí an costas ar Scéimeanna arna dTreorú ag an Éileamh ón bPobal Áitiúil cothrom le €17m os cionn an mheastacháin bhunaidh. Is gnách go mbíonn sé doiligh an fás éilimh a réamh-mheas sa réimse sin. Ba iad scéimeanna cógas cruatain agus scéimeanna aisíocaíochta drugaí na príomhréimsí caiteachais laistigh de na Scéimeanna arna dTreorú ag an Éileamh ón bPobal Áitiúil, agus iad freagrach as beagnach 100% den easnamh ina leith sin.

Maidir leis an gcaiteachas a bhí níos airde ná a measadh i réimsí áirithe (mar atá leagtha amach thuas), fritháiríodh é mar gheall ar an gcaiteachas a bheith níos ísle ná a measadh sna réimsí seo a leanas:

- Táillí agus liúntais liachleachtóirí ginearálta: €25 mhilliún. Tháinig an laghdú seo go príomha as an moill a bhí ann ar Chúram Liachleachtóirí Ginearálta Saor in Aisce a thabhairt isteach do dhaoine faoi bhun 6 bliana agus do dhaoine os cionn 70 bliain, rudaí ar beartaíodh iad a thosú i mí an Mhárta 2015 agus ar cuireadh tús leo i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2015 faoi seach.
- Seirbhísí cóireála fiaclóireachta: €9 milliún. Bhí an laghdú seo nasctha go díreach leis an laghdú a bhí ann ar othair a d'fhreastail ar fhiaclóirí chun cóireáil a fháil.
- An Scéim Íocaíochta Drugaí: €5 mhilliún. Bhí an caiteachas níos ísle ná a soláthraíodh dó mar gheall ar an laghdú a bhí ann ar an líon teaghlach a rinne éileamh faoin scéim sa chéad chuid den bhliain 2015. Maidir leis an laghdú ar éilimh, tháinig sé as meascán den laghdú ar an gcostas ar dhrugaí áirithe trí Phraghsáil

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Tagartha a chur chun feidhme agus den laghdú ar an leibhéal tairsí comhíocaíochta. Mar gheall ar an gcostas laghdaithe ar dhrugaí a bhí faoi réir praghsáil tagartha, is amhlaidh go raibh laghdú ann ar an líon éilitheoirí a bhain an tairseach amach freisin. |
| | | | Sa Mheastachán Forlíontach, méadaíodh an soláthar bunaidh go €2,637 milliún (méadú €151 mhilliún).<br><br>Bhí an toradh deiridh níos ísle ná a tuaradh sa Mheastachán Forlíontach mar gheall ar an ráta fáis ar chaiteachas a bheith níos ísle ná a measadh ar fud roinnt scéimeanna de chuid na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil sna míonna deiridh den bhliain. |
| Cúram cónaithe fadtéarmach | K.2 | (21,400) | Bhí an soláthar bunaidh (€873.9 milliún) bunaithe ar chúram cónaithe fadtéarmach a sholáthar do 22,361 chliant gach mí, agus meánchostas glan seachtainiúil €750 sa leaba in aghaidh na seachtaine ag gabháil leis.<br><br>Méadaíodh an soláthar sin go €896.9 milliún (méadú €23 mhilliún) sa Mheastachán Forlíontach ansin ar mhaithe le socrúcháin bhreise a sholáthar. Rinneadh amhlaidh chun an líon iomlán daoine a rabhthas ag tacú leo a mhéadú go 23,650 cliant in aghaidh na míosa ag an 31 Nollaig 2015 agus chun a chinntiú go mbeadh liosta feithimh nach mó ná ceithre seachtaine i bhfeidhm.<br><br>Bhí an toradh deiridh cothrom le €895.3 milliún. Rinneadh an caiteachas a raibh coinne leis a rómheas faoi €1.6 milliún mar gheall an meánlíon cliant in aghaidh na míosa a bheith beagán níos ísle ná a measadh ar fud na bliana 2015 ar fad. |

| **Cur Síos** | **Fo-cheannteideal** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|---|
| Deontais i leith tógáil, trealmhú (TFC ar áireamh) | L.1 | 3,379 | Bhí an caiteachas €3.379 milliún níos ísle ná a soláthraíodh toisc nár leanadh ar aghaidh le tionscadail phleanáilte sna réimsí seo a leanas de bharr tosca uainiúcháin a bhain le tionscadail TFC a sholáthar don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus do Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann agus a bhain le tionscadail TFC agus chóiríochta agus tionscadail de chineálacha eile a sholáthar do CORU. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gCabhair | | | 2015 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Aisghabháil costas seirbhísí sláinte a soláthraíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | | | | | |
| | *Bunaidh* | 275,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | 340,500 | 342,764 | — |
| 2. Fáltais ó dhleachtanna áirithe máil ar tháirgí tobac | | | 167,605 | 167,605 | — |
| 3. Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha ón gCiste Árachais Shóisialta | | | 3,000 | 2,831 | — |
| 4. Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | | | 3,000 | 6,304 | — |
| 5. Fáltais ilghnéitheacha | | | 1 | 195 | 148 |
| 6. Cuntais dhíomhaoine | | | 2,450 | 1,915 | — |
| 7. Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair sa tseirbhís phoiblí | | | 3,915 | 6,361 | 4,554 |
| **Iomlán** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 455,471 | | | |
| | *Forlíontach* | 65,000 | | | |
| | | | **520,471** | **527,975** | **4,702** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an méid a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná an méid a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aisghabháil costas seirbhísí sláinte a soláthraíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh | (67,264) | Déanann an Ríocht Aontaithe aisíocaíocht le hÉirinn i dtaca le seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh. Bíonn an aisíocaíocht sin bunaithe ar mheastachán ar an líon daoine a thagann faoi na catagóirí incháilithe agus ar mheastachán ar an meánchostas ar chóireáil cúram sláinte a sholáthar. Comhaontaítear an méid is iníoctha ar bhonn déthaobhach tar éis don dá riarachán na sonraí iomchuí a bhailiú agus díospóireacht a dhéanamh ina leith. B'ionann na fáltais thuartha €275.5m agus meastachán tosaigh a rinneadh roimh an díospóireacht sin ar an méid is iníoctha. Mar a tharla, fuarthas méid iomlán €342.764m ar deireadh. Áiríodh leis an méid sin socraíocht aonuaire deiridh €73 mhilliún a bhain leis an mbliain 2009. |
| Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Oftalmacha | 169 | Bhí an aisíocaíocht sochar oftalmach ón gCiste Árachais Shóisialta €0.169m níos airde ná an meastachán tosaigh. |
| Aisghabháil chostais áirithe Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta | (3,304) | Tháinig méadú ar an aisíocaíocht sochar fiaclóireachta ón gCiste Árachais Shóisialta mar gheall ar an méadú a bhí ann ar an líon faighteoirí. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | (194) | Toisc go mbíonn sé doiligh na méideanna a bhíonn dlite in aon bhliain a thuar, cuirtear méid ainmniúil €1,000 san áireamh sa mheastachán. I measc na bhfáltas a bhí ann sa bhliain 2015, bhí fáltais i leith táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, aisíocaíochtaí a bhain le maoiniú Tionscnaimh Drugaí nár caitheadh é, agus íocaíochtaí ó scéimeanna pinsean. |
| Cuntais dhíomhaoine | 535 | Bíonn an maoiniú a fhaightear ó Chuntais Dhíomhaoine bunaithe ar an méid a íoctar faoi Fho-cheannteideal J.6 le linn na bliana. |
| Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair sa tseirbhís phoiblí | (2,446) | Bíonn sé doiligh meastachán a thabhairt ar an méid atá dlite don Roinn ó ghníomhaireachtaí sláinte i dtaca leis an asbhaint a bhaineann le pinsin ó luach saothair sa tseirbhís phoiblí toisc go mbíonn sé ag brath ar an líon fostaithe atá ann san earnáil phoiblí agus ar an bpá atá dlite do na fostaithe sin ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann. Is féidir leis an dá thoisc sin bheith éagsúil (féach nóta 2.5). |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

Áirítear leis an líon ball foirne ag deireadh na bliana baill foirne de chuid gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann aon mhaoiniú ón Státchiste.

Is le baill foirne na Roinne Sláinte amháin a bhaineann na sonraí pá agus liúntais agus na sonraí eile luach saothair atá tugtha i Nóta 5. Tá faisnéis mhionsonraithe faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí ar fáil sna tuarascálacha bliantúla iomchuí. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann freisin. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an fhaisnéis sin a thabhairt ar a suíomh Gréasáin.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Lánaimseartha | 341 | 339 |
| | | |
| <u>**Gníomhaireachtaí**</u> | | |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | | |
| Fostaithe díreacha FSS | 68,771 | — |
| Fostaithe na seirbhísí deonacha (Alt 38), na ngéarsheirbhísí agus na seirbhísí neamhghéara | 37,624 | — |
| | 106,395 | — |
| Gníomhaireachtaí Eile | 1,522 | 1,640 |
| | **108,258** | **1,979** |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 21,184 | 20,708 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 122 | 217 |
| Liúntais eile | 1 | 5 |
| Ragobair | 136 | 145 |
| ÁSPC Fostóra | 1,034 | 1,003 |
| **Pá iomlán** | **22,477** | **22,078** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2015 € | Uasíocaíocht aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 18 | 4 | 16,817 | 19,065 |
| Liúntais Eile | 11 | - | 350 | 2,508 |
| Ragobair | 33 | 4 | 21,816 | 18,003 |
| Líon na ndaoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 4 | 23,670 | 19,923 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí tuarastail agus €46,141 (12 chás) ag deireadh na bliana 2014. B'ionann iad agus €39,837 (10 gcás) ag deireadh na bliana 2015. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ngach cás.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| Fo-cheannteideal | Cur Síos | 2015 Meastachán €000 | 2015 Toradh €000 | 2014 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí cosúla eile (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| J.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí cosúla (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 4,289 | 4,289 |
| L.3 | Tógáil, trealmhú agus fearastú na saoráidí sláinte (arna bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,539 | 2,539 | 2,539 |

Faoi fho-cheannteideal B.2, íocadh méid iomlán €3.286 milliún le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí cosúla eile. Tá sonraí faoin maoiniú a íocadh ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag "www.health.gov.ie"

### 6.2 Costais Dlí

| Cúiteamh agus costais dlí a dámhadh | 2015 Iomlán €000 | 2014 Iomlán €000 |
|---|---|---|
| Éilimh ó bhaill den phobal | 37,718 | 16,897 |
| | **37,718** | **16,897** |

### 6.3 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt éileamh lena mbaineann imeachtaí dlí agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

**6.4 An tSainscéim Infheistíochta Obstatraice**

Sa bhliain 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Sainscéim Slánaíochta Obstatraice. Faoin scéim, chomhaontaigh an tAire ospidéil Bon Secours agus Shliabh Chairméal a shlánú i leith éilimh shonracha chnáimhseachais. Cuireadh Ciste ar bun ansin agus fuarthas ranníocaíochtaí ón dá ospidéal lena mbaineann, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a íocann éilimh faoin scéim de réir mar a thagann siad chun cinn. Tugann an tAire Sláinte údarás don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gCiste chun freastal ar chostas na n-éileamh sin. Ag an 31 Nollaig 2015, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €5.47 milliún. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an Ciste. Mar sin, léirítear an t-ioncam ná an caiteachas gaolmhar i ráiteas airgeadais bhliantúil na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

**6.5 Ús Íocaíochta Déanaí agus Íocaíochtaí Cúitimh**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis atá dlite | 4 | 1 |
| Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | — | — |